

Uimhir na Cuideachta

--	--	--	--	--	--	--

Dátstampa faighte an CRO & Barcode

Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí iniúcháin

Ainm na Cuideachta

ina iomláine

Leis seo déanann an chuideachta thuas iarratas bheith curtha ar ais ar chlár na gcuideachtaí faoi alt 737 (1) de Acht na gCuideachtaí 2014.

Dáta díscailte

Lá

--	--

Mí

--	--

Bliain

--	--	--	--

nóta a haon

Deimhniú

Leis seo deimhnímh gur ceart iad na sonraí atá san fhoirm seo agus gur tugadh iad de réir na Nótaí ar Chomhlánú Foirm H1. *nóta a dó*

Síniú

Ainm *i mbloclitreacha nó clóscríofa*

--

7

Stiúrthóir

11

Rúnaí

nóta a trí agus a ceathair **Dáta**

Dáta

7

Comhalta. I mo cháil mar chomhalta den chuideachta atá ag cur isteach ar an gcuideachta do chur ar ais ar an gclár, deimhním leis seo go raibh mé i mo chomhalta den chuideachta ar dháta an díscaoilte.

Mionsonraí an deontóra

Ainm

Seoladh

Uimhir teileafóin

Ríomhphost

Uimhir/Malartán DX

	Uimhir faics
	Teagmhálaí
	Uimhir thagartha

NÓTAÍ AR FHOIRM H1 A CHOMHLÁNÚ

Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha

Ginearálta

Caithfear an fhoirm a chomhlánú go ceart, go iomlán agus de réir na nótaí seo a leanas. Caithfear gach alt den fhoirm a chomhlánú. Nuair is cuí "ní bhaineann le hábhar" "Náid" nó "rud ar bith" a scríobh, iarrtar ort sin a scríobh in áit é a fhágáil folamh.

Cumhdaítear leis an bhfoirm seo gach cur ar ais ar bhonn riaracháin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Baint Ainneonach den Chlár agus Baint Dheonach den Chlár.

nóta a haon

Caithfear iarrtas a dhéanamh laistigh de 12 mhí de dháta an díscaoilte. Caithfear Foirm H1 a thaisceadh le CRO an lá roimh cothrom aon bhliana ón lá ar díscaoileadh an chuideachta. Ní féidir cuideachta a chur ar ais ar an gclár de réir riaracháin níos moille ná 12 mhí i ndiaidh dhíscaoileadh na cuideachta.

nóta a dó

Ní mór gach ceanglas nach bhfuil comhlíonta a chur i gcrích laistigh de 15 mhí ó dháta an díscaoilte.

nóta a trí

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha. Caithfidh an fhoirm a bheith deimhnithe ag oifigeach reatha de chuid na cuideachta nó comhalta. I gcás comhalta do dhéanamh an iarratais, comhlánaigh an deimhniú atá de dhíth le do thoil.

nóta a ceathair

Cion chatagóir a trí is ea ráiteas bréagach.

Tuilleadh faisnéise

Ceanglais

Ní mór go bhfaigheadh an Cláraitheoir gach tuairisceán bliantúil atá dlite (mar aon leis na táillí ábhartha agus pionóis um chomhdú déanach) agus iad ullmhaithe i gcomhréir le Cuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór go mbainfeadh na ráitis airgeadais le bliain airgeadais aonair, agus ní féidir iad a chónascadh leis na ráitis airgeadais a bhaineann le bliain airgeadais eile nó le blianta airgeadais eile.

Ar an gcaoi chéanna, ní mór don chuideachta na ceanglais um oifigeach cuideachta a chomhlíonadh agus doiciméid eile a chomhdú ionas go mbeadh an taifead cuideachta ceart sula gcuirfear ar ais ar an gclár í. Mura gcuirfear i gcrích mar is ceart an próiseas um chur ar ais ar bhonn riaracháin laistigh de na tréimhsí forordaithe, beidh gá le hiarratas chun na Cúirte ionas go bhféadfar an chuideachta a chur ar ais ar an gclár.

Mar achoimre, ní mór iarratas chun cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar bhonn riaracháin a fháil ar Fhoirm H1 mar aon leis an táille fhorordaithe laistigh de 12 mhí ón díscaoileadh. Féadfar na ceanglais eile (tuairisceáin bhliantúla a chur isteach mar aon le litir neamh-agóide ó na Coimisinéirí Ioncaim (nuair is cuí) a chomhlíonadh laistigh de 15 mhí ó dháta an díscaoilte. Ní chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár go dtí go mbeidh na ceanglais ar fad comhlíonta.

Ceanglais maidir le Baint den Chlár ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim

Sa chás inar baineadh cuideachta den chlár toisc gur mhainnigh sí déanamh de réir cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim, beidh gá le deimhniú i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim á rá nach bhfuil aon agóid á déanamh acu i gcoinne an chuideachta a chur ar ais ar an gclár - alt 726(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi chuideachta a chur ar ais ar an gclár, féach Bileog Faisnéise Uimh.11, "Cuideachta a Chur ar Ais ar an gClár", atá ar fáil ag www.cro.ie

Bileog

Tá a thuilleadh faisnéise le fáil ó www.revenue.ie ar Fhoirm 11F CRO a chomhlánú, an ráiteas a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim de bhun Ailt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Seoladh CRO

Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:
an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bothar Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Íocaíocht

Má bhíonn tú ag íoc le seic, le hordú poist nó le dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a theacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI FHOIRM H1 A CHOMHLÁNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL Ó WWW.CRO.IE NÓ TRÍ RÍOMHPHÓST Ó INFO@CRO.IE